



General Certificate of Secondary Education
January 2012

Uimhir Lárionaid

71

Uimhir Iarrthóra

Matamaitic

Modúl N2 Páipéar 1
(Gan Áireamhán)

Bonnraith

[GMN21]

DÉ CÉADAOIN 11 EANÁIR
9.15 am – 10.00 am



AM

45 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa cheistpháipéar seo. Freagair **gach ceann** den **aon** cheist **déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

Níl cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 44 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist. Ba chóir duit rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.

Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.


Don Scrúdaitheoir
amháin

| Uimhir Ceiste | Marcanna |
|---------------|----------|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |

Marc
Iomlán

Bileog Foirmlí

Toirt priosma = achar trasghearrtha × fad




- 1 Choinnigh gníomhaireacht taistil cuntas ar na cineálacha saoirí a chuir daoine in áirithe seachtain amháin.

Tá na torthaí sa tábla thíos.

| An cineál Saoire | Minicíocht | Céimeanna |
|-------------------------|-------------------|------------------|
| Leaba & Bricfeasta | 20 | |
| Leathlóistín in óstán | 22 | |
| Íostas féinfhrestail | 6 | |
| Campáil | 12 | |

Tarraing píchart bheacht anseo thíos leis an fhaisnéis seo a léiriú.



[4]

2 Réitigh na cothromóidí

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc


(a) $9x - 5 = 58$

Freagra $x =$ _____ [2]

(b) $\frac{x}{8} = 3$

Freagra $x =$ _____ [1]

3



Tarraing an líne $x = 5$ ar an eangach thuas.

[1]

4 Rinne grúpa mac léinn teist i nGaeilge agus i Matamaitic.

Bhí 50 marc ag dul do gach ceann de na teisteanna.

Taispeánann na léaráidí gais agus duillí seo thíos dáileadh na marcanna sa dá theist.

| | Gaeilge | | | | | | Matamaitic | | | | | | |
|---|---------|---|---|---|---|---|------------|---|---|---|---|---|---|
| 0 | | | | | | 0 | 9 | | | | | | |
| 1 | 2 | 5 | 6 | 9 | | 1 | 0 | 1 | 2 | 6 | 7 | | |
| 2 | 3 | 6 | 7 | 7 | 8 | 2 | 1 | 3 | 4 | 5 | 7 | 8 | 8 |
| 3 | 0 | 2 | 4 | 5 | 5 | 3 | 2 | 5 | 7 | 9 | | | |
| 4 | 1 | 2 | 2 | 3 | 6 | 4 | 1 | 4 | 8 | | | | |
| 5 | 0 | | | | | 5 | | | | | | | |

Eochair: 25 is ciall do 2 | 5

(a) Cén t-ábhar ag a bhfuil an raon is mó marcanna agus cad é an difríocht?

Freagra Tá an raon is mó ag _____ agus is é _____ marc an difríocht. [2]

(b) Cén t-ábhar ag a bhfuil an marc airmheánach is mó agus cad é an difríocht?

Freagra Tá an marc airmheánach is mó ag _____ agus is é _____ marc an difríocht. [2]

| Scrúdaitheoir Amháin |
|----------------------|
| Marcanna Athmharc |
| |

5 (a) Simpligh $6x + 3y - 2x + 2y$

Freagra _____ [2]

(b) Fachtóirigh


(i) $20d + 35$

Freagra _____ [1]

(ii) $y^2 + y$

Freagra _____ [1]

6 (a) Ríomh méid na huillinne a .




Níl an léaráid
tarraingthe go beacht

Freagra $a =$ _____ $^\circ$ [3]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

- (b) Tá cearnóg díreach i dtadhall le triantán comhshleasach mar a thaispeántar thíos.




Níl an léaráid tarraingthe go beacht

Ríomh méid na huillinne b .

Freagra $b =$ _____[°] [3]

- (c) Tá AB comhthreomhar le CD. Is líne dhíreach é EF. Tá BC = BD. Tá uillinn ABC = 42°.



Níl an léaráid tarraingthe go beacht

- (i) Ríomh méid na huillinne x .

Freagra $x =$ _____[°] [1]

- (ii) Ríomh méid na huillinne y .

Freagra $y =$ _____[°] [2]

7 Ba mhaith le hAntaine a fháil amach cé chomh minic a théann daoine go dtí an phictiúrlann.

Rinne sé an ceistneoir seo a leanas le sonraí a bhailiú don suirbhé aige.

| | | |
|--|--------------------------|--------------------------|
| Cé chomh minic a théann tú go dtí an phictiúrlann? | | |
| Ticeáil bosca amháin anseo thíos. | | |
| Ní théim chomh minic sin. | Téim ann ó am go chéile. | Téim ann go minic. |
| <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |

(a) Scríobh dhá rud nach bhfuil ceart faoin cheistneoir seo.

1. _____

2. _____

_____ [2]

(b) Dear ceistneoir níos fearr dó agus is féidir leis a úsáid lena fháil amach cé chomh minic a théann daoine go dtí an phictiúrlann.

Ba chóir duit freagarbhoscaí a chur san áireamh ann.

[2]

- 8 Is féidir 10 bpaisinéir a chur i mionbhus agus is féidir 4 phaisinéir a chur i gcarr.

Scríobh slonn le haghaidh an líon **iomlán** de phaisinéirí is féidir a chur in x mionbhus agus in y carr.

Freagra _____ [2]

- 9 (a) Scríobh 24 mar iolrach dá fhachtóirí príomha.

Freagra _____ [2]

- (b) Uaidh sin, nó ar dhóigh eile, faigh an t-íolraí coiteann is lú (ICL) de 24 agus 30.

Freagra _____ [2]

- 10 (a) Forbair agus simpligh $7(2a + 3) + 3(4a - 2)$.

Freagra _____ [2]

- (b) Cheannaigh Cathal 6 phiorra ar x pingin an ceann agus 3 channa feola ar $4x$ pingin an ceann. Fuair sé briseadh £4.24 as £10.

Scríobh cothromóid i dtéarmaí x agus réitigh í le luach x a fháil.

Freagra $x =$ _____ [4]

- 11 Tá $2\frac{1}{2}$ lítear i mbuidéal mór líomanáide. Tá gloine $\frac{2}{5}$ lítear ag cailín agus líonann sí go béal í ceithre huair leis an líomanáid.

Cá mhéad uair **eile** is féidir léi an ghloine a líonadh go béal leis an líomanáid?

Freagra _____ [3]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.